**Leasú 4**
**Marco Campomenosi, Thierry Mariani, Markus Buchheit, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Susanna Ceccardi, Anna Bonfrisco**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos, Samira Rafaela**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris G a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ga. de bhrí go bhfuil easnamh comhsheasmhach trádála ag AE leis an tSile i dtáirgí agraibhia, arbh ionann é agus EUR 932 mhilliún in 2022;*** |

Or. en

**Leasú 5**
**Marco Campomenosi, Thierry Mariani, Markus Buchheit, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Susanna Ceccardi, Anna Bonfrisco**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos, Samira Rafaela**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 34**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 34. ***ag aithint na n-iarrachtaí a rinneadh maidir le táirgí íogaire talmhaíochta*** an ***Aontais*** amhail feoil (mairteoil, éanlaith chlóis, muiceoil agus caoireoil), torthaí agus glasraí áirithe (e.g. gairleog, sú úll, sú fíonchaor) agus ola olóige a ***chosaint trí rochtain theoranta*** agus ***rialaithe a fhorchur ar tháirgí an-íogair ina mbaintear úsáid as taraif-chuótaí, agus*** siúcra agus bananaí ***a eisiamh*** ó aon léirscaoileadh trádála, agus é mar aidhm táirgeadh an Aontais a chosaint; | 34. ***á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an rochtain shuntasach bhreise ar*** an ***margadh a dheonaítear do tháirgí íogaire talmhaíochta AE*** amhail feoil (mairteoil, éanlaith chlóis, muiceoil agus caoireoil), torthaí agus glasraí áirithe (e.g. gairleog, sú úll, sú fíonchaor) agus ola olóige***; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ina leith sin, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hallmhairí sin ar tháirgeadh talmhaíochta intíre AE agus ar fheirmeoirí AE i gcoitinne; á chur in iúl gur mór aici go n-eisiatar*** siúcra agus bananaí ó aon léirscaoileadh trádála, agus é mar aidhm ***leis sin*** táirgeadh an Aontais a chosaint; |

Or. en

**Leasú 6**
**Marco Campomenosi, Thierry Mariani, Markus Buchheit, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Susanna Ceccardi, Anna Bonfrisco**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos, Samira Rafaela**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 34 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***34a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil comhaontuithe saorthrádála á gcaibidliú ag an gCoimisiún lena bhforáiltear do leibhéil arda allmhairithe mairteola, éanlaithe clóis, muiceola agus caoireola gan tionchar carnach na gcomhaontuithe saorthrádála atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar fheirmeoirí AE a chur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, staidéar athbhreithnithe a dhéanamh láithreach maidir le tionchar carnach na gcomhaontuithe saorthrádála ar fheirmeoirí AE agus tograí a ghlacadh lena gcothófar táirgeadh áitiúil AE agus lena gcabhrófar le feirmeoirí AE teacht slán as iomaíocht dhomhanda atá ag dul i méid;*** |

Or. en

**Leasú 7**
**Marco Campomenosi, Thierry Mariani, Markus Buchheit, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos, Samira Rafaela**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 35**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 35. ag aithint go gcosnaítear leis an gComhaontú 216 thásc geografach talmhaíochta eile de chuid an Aontais (GInna) agus 18 GI na Sile, sa bhreis ar na comhaontuithe atá ann cheana maidir le fíonta agus biotáillí, lena gcosnaítear 1745 GI de chuid an Aontais le haghaidh fíonta agus 257 GI de chuid an Aontais le haghaidh biotáillí agus fíonta cumhraithe; á thabhairt chun suntais gur céim thábhachtach chun cinn é síneadh na dtásc geografach a chomhaontaigh an tAontas agus an tSile chun tásca geografacha an Aontais a chosaint ar an leibhéal domhanda; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a áirithiú go ndéanfar rialacha cosanta táisc gheografaigh a fhorfheidhmiú go héifeachtach do tháirgí an tAontas sa tSile agus machnamh a dhéanamh ar liosta na dtáirgí GI faoi chosaint a leathnú; | 35. ag aithint go gcosnaítear leis an gComhaontú 216 thásc geografach talmhaíochta eile de chuid an Aontais (GInna) agus 18 GI na Sile, sa bhreis ar na comhaontuithe atá ann cheana maidir le fíonta agus biotáillí, lena gcosnaítear 1745 GI de chuid an Aontais le haghaidh fíonta agus 257 GI de chuid an Aontais le haghaidh biotáillí agus fíonta cumhraithe; á thabhairt chun suntais gur céim thábhachtach chun cinn é síneadh na dtásc geografach a chomhaontaigh an tAontas agus an tSile chun tásca geografacha an Aontais a chosaint ar an leibhéal domhanda; á iarraidh go ndéanfadh an Coimisiún a áirithiú go ndéanfar rialacha cosanta táisc gheografaigh a fhorfheidhmiú go héifeachtach do tháirgí an tAontas sa tSile***, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd atá faoi chlásal marthanachta,*** agus machnamh a dhéanamh ar liosta na dtáirgí GI faoi chosaint a leathnú; |

Or. en

**Leasú 8**
**Marco Campomenosi, Thierry Mariani, Markus Buchheit, Roman Haider, Danilo Oscar Lancini, Susanna Ceccardi, Anna Bonfrisco**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil A9-0017/2024**
**María Soraya Rodríguez Ramos, Samira Rafaela**
An Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile
(2023/0260R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 36 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***36a. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil clásail chomhionanna sa chomhaontú; á thabhairt chun suntais gur gá a áirithiú go n-urramaíonn táirgí allmhairithe na caighdeáin sláintíochta, fíteashláintíochta, leasa ainmhithe agus chomhshaoil chéanna a fhorchuirtear san Aontas le linn an phróisis táirgthe ina iomláine; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rialú an-chuimsitheach a áirithiú ar earraí a thagann isteach i margadh AE chun a áirithiú nach n-úsáidfear aon táirgí fíteashláintíochta a bhfuil toirmeasc orthu in AE;*** |

Or. en